



AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2013
(OR. en)**

**EUCO 104/2/13
REV 2**

**CO EUR 9
CONCL 6**

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na Toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH
27/28 Meitheamh 2013**

CONCLÚIDÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal na conclúidí ón gComhairle Eorpach
(an 27/28 Meitheamh 2013).

Ó tharla go bhfuil droch-chuma ar ionchais eacnamaíocha sa ghearrthéarma, tá leibhéil dífhostaíochta i measc daoine óga níos airde ná bhí riamh i roinnt Ballstát, agus tá costais mhóra daonna agus sóisialta ag baint leo. Ní mór dul i mbun gnímh láithreach.

Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú inniu maidir le cur chuige cuimsitheach chun dífhostaíocht i measc an ógra a chomhrac, agus na bearta nithiúla seo a leanas á bhforbairt: Tionscnamh Fostaíochta don Ógra a bhrostú agus tús áite a thabhairt dó; cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg a bhrostú; tuilleadh soghluaisteachta don óige agus rannpháirtíocht níos fearr ó na comhpháirtithe sóisialta. Phléigh an Chomhairle Eorpach freisin bealaí chun dlús a chur le hinfheistíocht agus chun rochtain ar chreidmheas a fheabhsú. D'iarr sí go mbainfí leas as acmhainní Eorpacha lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta; agus sheol sí "Plean Infheistíochta" nua chun tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus chun dlús a chur le maoiniú an gheilleagair.

Tá feabhas ag teacht ar chobhsaíocht airgeadais, ach is gá do AE agus do na Ballstáit gníomhaíochtaí breise a dhéanamh le go mbeidh an Eoraip ar an mbóthar ceart arís maidir le fás marthanach agus le poist mharthanacha. Airgeadas poiblí fóna agus beartais fhóna lena dtugtar tacaíocht d'fhás agus d'fhostaíocht inbhuanaithe, tacaíonn siad féin lena chéile. Ag an am céanna, tá gá le hiarrachtaí níos diongbháilte ar gach leibhéal ionas go gcuirfear athchóirithe struchtúracha chun cinn agus ionas go gcuirfear dlús leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht. Sa chomhthéacs sin, thacaigh an Chomhairle Eorpach moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith, ar moltaí iad a bheidh mar threoir do bheartais agus do bhuiséid na mBallstát agus cuireadh clabhsúr mar sin ar sheimeastar Eorpach 2013.

Rinne an Chomhairle Eorpach freisin measúnú ar an dul chun cinn maidir leis an aontas baincéireachta, rud atá rithabhachtach maidir le cobhsaíocht airgeadais agus feidhmiú réidh AEA. Ar deireadh, leag an Chomhairle Eorpach na chéad chéimeanna eile amach maidir le struchtúr AEA a atreisiú agus d'iarr sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair maidir leis na saincheisteanna sin uile idir seo agus Comhairle Eorpach mhí na Nollag.

Chuir an Chomhairle Eorpach fáilte ó chroí roimh an gCróit a bheidh ina ball den Aontas Eorpach amhail ón 1 Iúil 2013. Rinne sí comhghairdeas freisin leis an Laitvia toisc gur chomhlíon critéir chóineasaithe an Chonartha, rud a chuireann ar a cumas an euro a ghlacadh an 1 Eanáir 2014.

Thacaigh an Chomhairle Eorpach leis na conclúidí ón gComhairle agus leis na moltaí i dtaca leis an méadú agus leis an bpróiseas cobhsaíochta agus comhlachais.

I. FOSTAÍOCHT le hAGHAIDH DAOINE ÓGA

1. Is cuspóir ar leith agus is cuspóir práinneach é an comhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc an ógra, cuspóir atá thar a bheith tábhachtach, ó tharla go bhfuil líon doghlactha Eorpach óg dífhostaithe. Ba cheart na hiarrachtaí uile a dhíriú ar an gcuspóir comhchoiteann daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a chur ag obair nó oideachas nó oiliúint a chur orthu laistigh de cheithre mhí, cuspóir atá leagtha amach sa mholadh ón gComhairle maidir leis an "Ráthaíocht don Aos Óg". Ní mór gníomh diongbháilte a dhéanamh láithreach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE, agus forbairt á déanamh ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fostaíocht le haghaidh daoine óga.

2. Úsáidfídh AE gach ionstraim atá ar fáil chun tacú le fostaíocht le haghaidh daoine óga. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le cur chuige cuimsitheach bunaithe ar na bearta nithiúla a leanas:
- (a) agus na Cistí Struchtúracha á gcur chun feidhme, díreofar go háirithe ar fhostaíocht le haghaidh daoine óga, lena n-áirítear trí chistí gan chaitheamh a leithdháileadh arís nuair is iomchuí. Saothróidh an Coimisiún agus na Ballstáit gach deis atá ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) arb é ceann de na príomhuirlisí airgeadais ar leibhéal AE é chun na críche sin, lena n-áirítear trí thacú le poist nua a chruthú d'oibrithe óga. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh na Ballstáit feabhas ar a gcumas riaracháin agus feidhm á baint acu as cúnamh feabhsaithe teicniúil ón gCoimisiún agus an dea-chleachtas á fhorbairt;
 - (b) déanfar na hullmhúcháin uile is gá le go mbeidh an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra (TFO) go hiomlán i bhfeidhm faoi mhí Eanáir 2014 agus, ar an dul sin, féadfar na chéad íocaíochtaí a thabhairt do na tairbhíthe sna réigiúin sin de chuid AE ina bhfuil rátaí dífhostaíochta i measc an ógra os cionn 25%¹. Chun go mbeidh TFO in ann an cúram a dhéanamh i gceart, ba chóir go ndéanfaí an EUR 6 billiún a leithdháileadh air a íoc amach sa chéad dá bhliain den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile². Ina theannta sin, úsáidfear na corrlaigh a fágadh ar fáil faoi na teorainneacha CAI do na blianta 2014-2017 chun go mbeidís ina "gcorrlaigh dhomhanda faoi chomhair gealltanas" chun bearta a mhaoiniú go háirithe d'fhonn dífhostaíocht i measc an ógra a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit a bhaineann tairbhe as TFO plean a ghlacadh chun an dífhostaíocht i measc an ógra a chomhrac, lena n-áirítear tríd an "Ráthaíocht don Aos Óg" a chur chun feidhme roimh dheireadh na bliana. Moltar do na Ballstáit eile pleananna dá samhail a ghlacadh in 2014. Tuairisceoidh an Coimisiún in 2016 ar chur chun feidhme "Ráthaíocht don Aos Óg" agus faoi fheidhmiú TFO;

¹ Nuair a chuirtear san áireamh gur tháinig méadú níos mó ná 30% ar an dífhostaíocht i measc an ógra sa tSlóivéin in 2012, beidh réigiún na Slóivéine Thoir, áit a raibh an dífhostaíocht níos mó ná 20% i measc an ógra in 2012, in ann leas a bhaint as TFO freisin.

² Déanfar sin gan cur as do na spriocanna a leag an Chomhairle Eorpach síos i mí na Bealtaine 2013 i dtaca leis an mbeartas fuinnimh.

- (c) rannchuideoidh BEI leis an dífhostaíocht i measc na n-óg a chomhrac trína thionscnamh maidir le "Poist don Aos Óg" agus trína chlár maidir le hInfheistíocht i Scileanna, ar cheart iad a chur chun feidhme gan mhoill;
- (d) déanfar iarrachtaí nua chun soghluaisteacht cuardaitheoirí óga post a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an gclár "Do chéad phost EURES" a threisiú. Moltar do na Ballstáit feidhm a bhaint as cuid dá gcionroinnt CSE chun tacú le scéimeanna soghluaisteachta trasteorann. Ní mór don chlár "Erasmus +" bheith i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Eanáir 2014 ar aghaidh, ar clár é lena gcuirtear gairmoiliúint trasteorann chun cinn freisin. Is díol mór sásaimh don Chomhairle Eorpach é an comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla. Moltar gur cheart scrúdú mear a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún a mbeadh cruthú gréasáin seirbhísí poiblí fostaíochta mar thoradh orthu. Caithfear níos mó a dhéanamh, go háirithe maidir leis an togra a bhaineann le cearta pinsin fhorlíontaigh a chaomhnú, togra a bheidh le glacadh le linn na tréimhse parlaimintí seo;
- (e) cuirfear printíseachtaí ardchaighdeáin agus foghlaim obair-bhunaithe chun cinn, go háirithe tríd an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí a bheidh le seoladh i mí Iúil. Ba cheart an Creat Ardchaighdeáin le haghaidh Cúrsaí Oiliúna a chur ar bun go luath in 2014;
- (f) is gá do na comhpháirtithe sóisialta a bheith go hiomlán bainteach leis na hiarrachtaí sin agus a bheith ag gabháil dóibh ar bhonn gníomhach. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an "Creat Gníomhaíochtaí maidir le Fostaíocht na nÓg" a chomhaontaigh na comhpháirtithe sóisialta an 11 Meitheamh 2013.

3. Ar an leibhéal náisiúnta, ina bhfuil an chuid is mó de na hinniúlachtaí a bhaineann leis an bhfostaíocht, ba cheart do na Ballstáit a n-athchóirithe a thabhairt ar aghaidh. Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit córais ghairmoiliúna agus oideachais a nuachóiriú, comhar a neartú idir an t-oideachas agus an gnó chun an t-aistriú ón scoil go dtí an obair a éascú, lánpháirtiú daoine óga ar bheagán oiliúna i margadh an tsaothair a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúint scileanna agus printiseachtaí agus tréimhsí oiliúna a chur chun cinn i bpríomhearnálacha eacnamaíocha, chomh maith le fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta. Chuir roinnt Ballstát pleananna uailmhianacha i láthair cheana chun tacú le fostaíocht le haghaidh daoine óga. Ach ní mór tuilleadh a dhéanamh. Ba cheart, go háirithe, do na Ballstáit sin ina bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta i measc an ógra dlús a chur le bearta gníomhacha mhargadh an tsaothair. Tá sé tábhachtach aird chuí a thabhairt ar rannpháirtíocht grúpaí daoine óga leochaileacha a bhfuil dúshlán shonracha os a gcomhair i margadh an tsaothair. Agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á n-aithint, mheabhraigh an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé an cánachas a aistriú ón saothar, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí sóisialta a laghdú, mar is iomchuí, mar mhodh chun an infhostaitheacht a mhéadú agus dlús a chur le cruthú post agus leis an iomaíochas. D'iarr an Chomhairle Eorpach go méadófaí malartú na ndea-chleachtas náisiúnta; i ndáil leis sin, ba dhíol sásaimh di Comhdháil Bheirlín a reáchtálfar go gairid amach anseo.

II. FÁS, IOMAÍOCHAS AGUS POIST

An Seimeastar Eorpach

4. Tar éis malartú doimhin tuairimí a bheith ann, chuir an Chomhairle Eorpach clabhsúr ar sheimeastar Eorpach 2013 trí thacú i gcoitinne leis na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith. Anois cuirfidh na Ballstáit na moltaí i bhfeidhm agus cinntí á ndéanamh acu amach anseo maidir le buiséid, athchóirithe struchtúracha agus beartais fostaíochta agus sóisialta, agus úinéireacht iomlán náisiúnta á cur chun cinn agus idirphlé sóisialta á chaomhnú. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún dlúthfhaireachán ar a gcur chun feidhme. Pléifidh an Chomhairle an staid eacnamaíoch san Eoraip go tráthrialta agus déanfaidh sé é a mheas.

5. Neartaíonn cur chun cinn an fháis agus an chomhdhlúthaithe bhuiséadaigh a chéile. Tá airgeadas poiblí fóna rithabhachtach chun go mbeadh an cumas ag na húdaráis phoiblí i gcónaí tacú le fás agus fostaíocht inbhuanaithe. Sa mhéid sin, is mór ag an gComhairle Eorpach go ndearnadh an nós imeachta maidir le heasnamh iomarcach a aisghairm i gcás roinnt Ballstát, agus is mór aici freisin iarrachtaí na mBallstát sin a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh siad a spriocanna buiséadacha. Meabhraíonn sí na deiseanna a chuirtear ar fáil le creat buiséadach AE atá ann cheana féin chun cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na hinfheistíochta táirgiúla poiblí agus cuspóirí an smachta bhuiséadaigh faoi ghné choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. I gcás roinnt Ballstát, rinneadh luas an chomhdhlúthaithe bhuiséadaigh a choigeartú chun freagairt do na dálaí eacnamaíocha, dá bhforáiltear i gcreat buiséadach AE. Ag an am céanna, ba cheart do na Ballstáit a gcuid athchóirithe struchtúracha a luasghéarú. Leis an luasghéarú sin, cuirfear bonn agus taca faoi na hiarrachtaí i ndáil le geilleagar AE a athchothromú, cuideofar leis an iomaíochas a athshlánú agus tabharfar aghaidh ar iarmhairtí sóisialta na géarchéime.

Plean Infheistíochta nua don Eoraip

6. Sa chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair, tá sé rithabhachtach gnáthiasachtú a athshlánú maidir leis an ngeilleagar agus maoiniú na hinfheistíochta a éascú. I bhfianaise a tábhachtaí atá FBManna don gheilleagar, go háirithe maidir le poist a chruthú, tabharfar tús áite do bhearta chun tacú le maoiniú FBManna. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin i dtíortha ina bhfuil ardleibhéal fostaíochta i measc na n-óg agus ina bhfuil infheistíochtaí nua ag teastáil chun an fás agus poist a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach freisin fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn. Dá réir sin, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go seolfai "Plean Infheistíochta" nua.
7. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) don seacht mbliana atá le teacht. Ghabh sí buíochas leis na caibidleoirí de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún as an obair a rinne siad gan stad gan staonadh chun teacht ar an gcomhaontú sin inniu. Beidh ról rithabhachtach ag CAI chun tacú leis an ngeilleagar, agus é mar chatalaíoch don fhás agus do phoist ar fud na hEorpa agus chun infheistíochtaí i ndaoine agus chun infheistíocht tháirgiúil a ghíaráil. D'iarr an Chomhairle Eorpach go nglacfaí an Rialachán go foirmiúil go pras maidir le CAI agus an Comhaontú Idirinstitiúideach a ghabhann leis. Maidir leis sin, ba dhíol sásaimh freisin don Chomhairle Eorpach na comhaontuithe ar thángthas orthu maidir le clár nua amhail ERASMUS, COSME, Fís 2020 agus an Clár um Fhostaíocht agus um an Nuáil Shóisialta. Leag an Chomhairle Eorpach béim ar an tábhacht a bhaineann leis an méid a leanas:

- (a) na cláir éagsúla, lena dtabharfar tacaíocht do Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach, a ghlacadh roimh dheireadh na bliana;
 - (b) na Ballstáit a bheith i mbun oibre leis an gCoimisiún d'fhonn a gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus a geláir oibríochta a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir;
 - (c) na Cistí Struchtúracha a chur chun feidhme go pras maraon leis na cláir le haghaidh iomaíochais fiontar agus FBManna (COSME) agus na cláir taighde agus nuálaíochta (Fís 2020), a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcomhthéacs na tacaíochta do FBManna;
 - (d) dlús a chur le cur chun feidhme chéim phíolótach na mbannaí tionscadail. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a mheasúnú a thíolacadh faoi dheireadh 2013.
8. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an tuarascáil ón gCoimisiún agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta maidir leis an ngeilleagar a mhaoiniú. Chomhaontaigh sí na bearta seo a leanas agus is díol sásaimh di go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta tús áite a thabhairt dá gcur chun feidhme agus tuairisc chuimsitheach a thabhairt, ina mbeidh spriocanna cainníochtúla, ionstraimí agus clár ama inti, roimh chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí Dheireadh Fómhair 2013:
- (a) dlús a chur le hiarrachtaí BEI chun tacú le hiasachtú don gheilleagar trí leas iomlán a bhaint as an méadú EUR 10 mbilliún a rinneadh ar a chaipiteal le déanaí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar BEI a phlean a chur chun feidhme maidir lena ghníomhaíocht iasachtaithe a mhéadú 40% ar a laghad in AE le linn 2013-2015. Chuige sin, tá deiseanna iasachtaithe nua a chuimsíonn os cionn EUR 150 billiún tugtha faoi deara ag BEI cheana féin i ndáil le sraith de thosaíochtaí rithábachtacha amhail nuálaíocht agus scileanna, rochtain FBManna ar airgeadas, éifeachtúlacht acmhainní agus bonneagair straitéiseacha;

- (b) comhionstraimí airgeadais roinnte riosca a leathnú amach idir an Coimisiún Eorpach agus BEI chun infheistíochtaí na hearnála príobháidí agus margaí caipitil a ghíaráil i FBManna. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na tionscnaimh sin go méadófaí ar mhéid na n-iasachtaí nua do FBManna ar fud AE, agus prionsabail fhóntacht agus thrédhearcacht airgeadais á n-urramú chomh maith le huasteorainneacha CAI. Sonróidh an Chomhairle, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le BEI gan mhoill na paraiméadair maidir leis na hionstraimí sin atá á gcómhaoiniú leis na Cistí Struchtúracha a dhearadh, agus é mar aidhm tionchair ardghiarála a bhaint amach. Ba cheart go gcuirfí na hullmhúcháin is gá i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeifear in ann tús a chur le feidhmiú na n-ionstraimí sin i mí Eanáir 2014;
- (c) méadú ar chumas éascaithe creidmheasa CEI;
- (d) cur le scéimeanna airgeadais trádála BEI de réir a chéile chun tacú le gnó FBManna ar fud an Aontais, go háirithe i dtíortha atá rannpháirteach i gclár;
- (e) an comhar idir bainc náisiúnta forbartha agus BEI a neartú chun deiseanna le haghaidh comhiasachtaithe agus dea-chleachtais a mhalartú a mhéadú;
- (f) foinsí malartacha maoinithe a fhorbairt i ndlúthchomhar le Ballstáit.

An Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post a Chur chun Feidhme

9. Bliain amháin ó shin, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post, ar pacáiste bearta tapa fáis é a raibh bonn taca maoiniú EUR 120 billiún faoi. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta i seachadadh na mbeart sin, a bhfuil toradh le feiceáil ar chuid acu cheana, tá gá le tuilleadh iarrachtaí. Ba cheart d'Institiúidí AE agus do na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar gnéithe uile an Chomhshocraithe a chur chun feidhme go mear, de réir mar atá leagtha amach i gConclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo, go háirithe maidir leis an Margadh Aonair, le nuálaíocht, leis an gclár oibre digiteach, le seirbhísí, le fuinneamh agus le cáin. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le tuarascáil nuashonraithe i mí na Nollag 2013 ar dhul chun cinn an Chomhshocraithe, a bheidh bunaithe ar athbhreithniú tráthrialta ón gComhairle.

10. Mar a comhaontaíodh i mí an Mhárta seo caite, déanfaidh an Chomhairle Eorpach faireachán dlúth ar chur chun feidhme na dtreoirlínte a leagann sí amach chun dlús a chur le fás eacnamaíoch agus chun an t-iomaíochas a chur chun cinn, go háirithe trí idirphlé téamach tráthrialta a reáchtáil. Sa chomhthéacs sin, thionóil an Chomhairle Eorpach cruinniú inar cuireadh tús leis an bplé maidir le dhá shaincheist thábhachtacha:
- (a) A rithábhachtaí atá bonn tionsclaíoch Eorpach láidir mar bhloc tógála bunriachtanach de chlár oibre AE i leith an fháis agus an iomaíochais. D'iarr an Chomhairle cur chuige leathan a bheadh cothrománach agus comhleanúnach i gcomhair beartais thionsclaíoch Eorpaigh nua-aimseartha a bheadh ag gabháil le hathrú struchtúrach agus le hathnuachan eacnamaíoch. Is díol sásaimh di an Plean Gníomhaíochta ón gCoimisiún le haghaidh tionscail cruach a bheadh iomaíoch agus inbhuanaithe. Agus í ag féachaint do chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí Feabhra 2014, chuir sí in iúl go raibh sí ag tnúth le breis ionchuir ón gCoimisiún i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí Bealtaine 2013. Iarrtar ar an Uachtaránacht nua leanúint den obair ullmhúcháin laistigh den Chomhairle;
 - (b) ag meabhrú di a Conclúidí mí an Mhárta 2013, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an deich rialachán is troime mar chéad chéim. Bhí sí ag tnúth le clár oibre mionsonraithe a fháil roimh an gcrúinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2013 ina mbeadh moltaí breise agus, i gcás inarb iomchuí, tograí nithiúla nua chun ualach foriomlán na rialála a laghdú agus iomaíochas a chothú, agus an gá atá le tomhaltóirí agus fostaithe a chosaint mar is cuí á gcur san áireamh go síoraí. D'iarr sí go leanfaí d'iarrachtaí chun rialachán náisiúnta agus rialachán AE a dhéanamh níos éifeachtaí, níos comhsheasmhaí agus níos simplí. Fillfidh sí ar na saincheisteanna sin i bhfianaise na moltaí sin.

Ag féachaint don phlé téamúil a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2013 leis na réimsí nuálaíochta, seirbhísí agus an margadh aonair digiteach a ghríosadh níos mó, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a thuarascáil a chur i láthair roimh an gcrúinniú sin maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an Treoir Seirbhísí agus maidir le próiseas na gCeadúnas don Eoraip.

11. Ag meabhrú di an ról a bheidh ag an trádáil maidir leis an bhfás agus le poist a threisiú, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur seoladh caibidlíocht maidir le comhpháirtíocht thrasatlantach trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe.

III. AN tAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA A CHUR I gCRÍCH

12. Ó cuireadh i láthair an tuarascáil "I dtreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta" i mí na Nollag seo caite, tá obair ag dul ar aghaidh i dtaca leis na ceithre cinn de bhloic thógála lena gcuirfí neart le struchtúr AEA. Beidh gá céimeanna breise a bheith ag gabháil le céimeanna nua nithiúla chun rialachas eacnamaíoch a neartú, ar mhaithe le tuilleadh dlisteanachta agus cuntasachta daonlathaí ar an leibhéal ar a nglactar cinntí agus ar a gcuirtear chun feidhme iad. Leis an bpróiseas sin cuirfear le creat institiúideach AE, agus sláine an mhargaidh aonair á hurramú go hiomlán, agus cothrom na féinne á áirithiú idir Bhallstáit AE ag an am céanna, lena n-áirítear tríd an deis chéanna a thabhairt do na Ballstáit bhaile agus do na Ballstáit aíochta. Beidh sé oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát sin nach bhfuil an t-airgeadra aonair in úsáid acu.
13. Sa ghearrthéarma, is í an phríomhthosaíocht an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2012 agus i mí an Mhárta 2013. Tá an méid sin fíorthábhachtach le go n-áiritheofaí cobhsaíocht airgeadais, go laghdófaí ilroinnt airgeadais agus go n-athshlánófaí an gnáthiasachtú sa gheilleagar. Mheabhraigh an Chomhairle Eorpach nach mór, mar ábhar práinne, an fáinne fí idir na bainc agus na stáit a bhriseadh agus leag sí béim ar na pointí seo a leanas:
- (a) na rialacha nua le haghaidh na mbanc i ndáil le riachtanais chaipitil (an Riail CR/an Treoir um Riachtanas Chaipitil (CRD) agus an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA), beidh ról tábhachtach acu i gcobhsaíocht na hearnála baincéireachta a áirithiú;
 - (b) le linn an aistrithe chuig SMA, déanfar measúnú ar an gclár comhordaithe, ina mbeidh athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainne agus tástáil struis ina dhiaidh sin. Faoi chuimsiú an méid sin, déanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach i SMA na socruithe uile is gá, lena n-áirítear cúltacaí náisiúnta a bhunú, sula dtabharfar an gnó sin chun críche;

- (c) chomhaontaigh an Grúpa Euro na príomhghnéithe den chreat oibríochtúil faoina ndéanfar na bainc a athchaipitliú go díreach leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE). Ba cheart leanúint leis an obair ionas go bhféadfar na bainc a athchaipitliú go díreach leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, tar éis gnáthchinnidh, tráth a mbunófar sásra éifeachtach maoirseachta aonair;
 - (d) ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air sa Chomhairle maidir leis an dréacht-treoir lena mbunaítear creat chun na bainc a athshlánú agus a réiteach agus d'iarr sí ar an gComhairle agus ar an bParlaimint tús a chur leis an gcaibidlíocht ionas go bhféadfar an treoir a ghlacadh roimh dheireadh na bliana. D'iarr sí freisin go nglacfaí an togra maidir leis an Scéim Ráthaithe Taiscí roimh dheireadh na bliana;
 - (e) le go mbeidh SMA iomlán éifeachtúil, beidh gá le Sásra Réitigh Aonair (SRA) do na bainc a chumhdaítear le SMA. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún lena mbunófar Sásra Réitigh Aonair d'fhonn teacht ar chomhaontú ina leith sa Chomhairle faoi dheireadh na bliana ionas go bhféadfaí ansin é a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse parlaimintí seo. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún rialacha athbhreithnithe státhabhrach don earnáil airgeadais a ghlacadh i samhradh na bliana 2013 d'fhonn cothroime iomaíochta i gcinntí réitigh a mbaineann rannchuidiú poiblí leo a áirithiú.
14. Ní mór dul ar aghaidh leis an obair ar bhloic thógála uile AEA atreisithe, ó tharla go bhfuil dlúthbhaint acu féin lena chéile:
- (a) ní mór creat níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm chun beartais eacnamaíocha a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas agus le prionsabal na coimhdeachta. Mar thoradh ar an teachtaireacht dá chuid an 20 Márta, tá sé i gceist ag an gCoimisiún togra a thíolacadh san fhómhar maidir le comhordú *ex ante* ar na mór-athchóirithe eacnamaíocha;

- (b) cé go bhfuil cóineasú ann maidir leis na príomhphrionsabail atá mar bhonn agus thaca ag na coincheapa a bhaineann le conarthaí a chomhaontaítear go frithpháirteach agus leis na sásraí dlúthpháirtíochta a bhaineann leo, ní mór tuilleadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna sin sna míonna atá romhainn, agus leas á bhaint go háirithe as an teachtaireacht a thiocfaidh ón gCoimisiún maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú;
- (c) ba cheart an ghné shóisialta de AEA a threisiú. Mar chéim thosaigh, tá sé tábhachtach faireachán níos fearr a dhéanamh agus staid an mhargaidh shóisialta agus mhargadh an tsaothair laistigh de AEA a chur san áireamh, go háirithe trí fheidhm a bhaint as táscairí iomchuí sóisialta agus fostaíochta faoi chuimsiú an tseimeastair Eorpaigh. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar beartais fostaíochta agus beartais shóisialta a chomhordú ar bhealach níos fearr, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Tá ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus an idirphlé shóisialta tábhachtach freisin, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún teachtaireacht i láthair gan mhoill maidir le gné shóisialta AEA.
15. Mar thoradh ar an dlúthchomhairliúchán leis na Ballstáit, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin uile. I mí Dheireadh Fómhair 2013, féachfaidh sí go háirithe ar na táscairí agus ar na réimsí beartais a bheidh le cur san áireamh faoin gcomhordú neartaithe ar bheartais eacnamaíocha agus féachfaidh sí freisin ar ghné shóisialta AEA. Leanfar leis an idirphlé i mí na Nollag 2013, d'fhonn cinntí a dhéanamh i leith na saincheisteanna sin, go háirithe maidir le príomhghnéithe na socruithe conarthacha agus na sásraí dlúthpháirtíochta gaolmhara. Is dá ndeoin féin a dhéanfaidh na Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu na bearta sin agus bheadh gach gné díobh ag luí go hiomlán leis an Margadh Aonair.
16. Phléigh an Chomhairle an t-iarratas ón Laitvia an euro a ghlacadh mar airgeadra. Thréaslaigh sí leis an Laitvia maidir leis an gcóineasú atá bainte amach aici, cóineasú atá bunaithe ar bheartais fhónta eacnamaíocha, bhuiséadacha agus airgeadais, agus ba dhíol sásaimh di gur chomhlíon an Laitvia na critéir chóineasaithe uile mar a leagtar amach sa Chonradh iad. Ba dhíol sásaimh di an moladh ón gCoimisiún go nglacfaidh an Laitvia an euro an 1 Eanáir 2014.

IV. CEISTEANNA EILE

17. Is trua leis an gComhairle Eorpach na daoine sin atá thíos leis na tuilte tubaisteacha a bhuaíl Lár na hEorpa an mhí seo. Ba cheart leas a bhaint as acmhainní iomchuí airgeadais (e.g. an Ciste Dlúthpháirtíochta, na Cistí Struchtúracha, an Ciste Comhtháthaithe) chun tacú a mhéid is féidir le hiarrachtaí láithreacha fóirithinte agus atógála, mar aon le gníomhaíochtaí coisctheacha amach anseo, sna réigiúin agus sna Ballstáit sin a buaileadh ar an mbealach is measa. D'iarr sí ar an gCoimisiún iarratais a thíolaic na Ballstáit lena mbaineann a fhreagairt ar bhealach mear, cuiditheach chun a áirithiú go bhféadfar an tacaíocht ó chistí AE do na réigiúin agus do na Ballstáit a buaileadh ar an mbealach is measa a chur chun feidhme gan mhoill.
18. I mí Feabhra 2013, d'aithin an Chomhairle Eorpach tionchar áirithe na géarchéime eacnamaíche ar roinnt Ballstát laistigh den limistéar euro a raibh tionchar díreach aige ar leibhéal rathúnais na mBallstát sin. Chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin rinneadh roinnt leithdháiltí breise ó na Cistí Struchtúracha. Ag an am sin ní dhearnadh cinneadh faoin gclár cúnamh mhaicreacnamaíoch don Chipir. Ó shin, chuir rialtas na Cipire isteach ar chúnamh breise. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na solúbthachtaí i CAI, lena n-áirítear an Ionstraim Sholúbthachta, chun aghaidh a thabhairt ar an staid dheacair ar leith atá sa Chipir, i gcomhthéacs an nós imeachta buiséadach bliantúil.
19. Maidir leis an méadú, thacaigh an Chomhairle Eorpach leis na conclúidí ón gComhairle agus leis na moltaí uaithi an 25 Meitheamh 2013. Chinn sí tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an tSeirbia. Reáchtálfar an chéad chomhdháil idir-rialtasach i mí Eanáir 2014 ar a dhéanaí. Roimhe sin, glacfaidh an Chomhairle an creat caibidlíochta agus deimhneoidh an Chomhairle Eorpach é ag an ngnáthsheisiún a bheidh aici maidir le méadú.

20. Glacadh na Cinntí lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv*.
21. Ag an gcrúinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2014, rachaidh an Chomhairle Eorpach i mbun díospóireachta chun treoirlínte straitéiseacha a shainmhíniú don phleanáil reachtach agus oibríochtúil i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais (de bhun Airteagal 68 CFAE). Iarrtar ar na hUachtaránachtaí nua tús a chur le próiseas machnaimh faoi chuimsiú na Comhairle mar ullmhúchán don chruinniú sin. Iarrtar ar an gCoimisiún ranníocaíochtaí iomchuí a thíolacadh don phróiseas sin.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leis an tuairim ó CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive

NA DOICIMÉID AR THUG AN CHOMHAIRLE EORPACH TACAÍOCHT INA LEITH

- An tuarascáil ón gComhairle an 25 Meitheamh 2013 maidir leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tíortha Faoi Leith don bhliain 2013
- Na Conclúidí a ghlac an Chomhairle an 25 Meitheamh 2013 maidir leis an méadú
- Na Conclúidí a ghlac an Chomhairle an 28 Bealtaine 2013 i ndáil leis an tuarascáil bhliantúil maidir le Cúnamh Oifigiúil Forbartha AE
- Na Conclúidí a ghlac an Chomhairle an 25 Meitheamh 2013 maidir leis an gClár Oibre Uileghabhálach don Tréimhse 2015 ar aghaidh
- An Plean Gníomhaíochta chun an Straitéis Mhuirí do limistéar an Aigéin Atlantaigh a chur chun feidhme, ar thug an Chomhairle tacaíocht ina leith an 25 Meitheamh 2013
